

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadh	T69
Ainm an Agalláí	Sábha Uí Dhuibheannaigh
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	3/10/2006
Suíomh an Agallaimh	Doire Leac Chonaill, Na Dúchoraidh
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

Tosach lochtach

\ _____ '

Focal dothuigthe

\ _____ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Anois tá mé ag gabháil a thógáil píosa eile ansin fán turas, turas Chonaill uaidh Shábha, Sábha *Devenney*. So a Shábha, an mhaith leat inse domh anois scéal an turais ansin?

SÁBHA: Sea, bhuel, gur lean an phéist mhór Conall agus shnámh se leis agus sin an áit ar bhfuair se ar shiúl ón phéist mhór. Thíos ag an turas, sin a chuala muid ón tsean mhuintir agus gur chodladh se ansin ar feadh lá, bliain agus lá, agus nuair a mhúscaill sé, bhí nead spideoige ina bhos. Agus tá sin le feiceáil ag achan duine, tá lorg an dá ghlúin agus lorg an...

DÓNALL: Istigh sa chreig.

SÁBHA: Tá. Thíos ansin. Agus déarfadh an tsean mhuintir i gcónaí na, nuair a bheifeá ag déanamh an turais dá mbeadh an spideoag ag gabháil thart ag ceol go raibh, gur sin comhartha iontach maith.

DÓNALL: Sea.

SÁBHA: An bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Agus chonaic tú sin a?

SÁBHA: Ó chonaic cinnte. Rinne mé, bhí mé thíos go minic agus bhí an, chíféá an spideog agus í, bhfuil a fhios agat, ag ceol thart fán rud.

DÓNALL: Inis domh anois caidé a dhéanfá ar an turas, inis domh fá?

SÁBHA: *Eh?*

DÓNALL: Inis domh caidé mar a dhéanfá thusa an turas, inis domh?

SÁBHA: Bhuel, rachfá síos agus is iomaí am a bhí mise thíos le *m'aunt*, agus bhainfeadh sí, an chéad rud bhainfeadh sí na stocaí agus na bróga díthe. Bhainfeadh sise iad, bhainfeadh sí díthe ag an bhealach mhór iad. Agus shiúlfedh sí thíos costarnocht *but* am ar bith a rinne mise é, ní bhainfinn na stocaí, na bróga domh go raibh mé thíos agus thosófá, dhéanfá an Chré an chéad uair agus rachfá thart ansin. Thart taobh na habhann agus aníos agus thart an dóigh eile agus rachfá soir. Dhéanfá sin trí huaire. Agus déarfá seacht deichniúr den phaidrín agus nuair a bhí sin réidh agat ansin, an áit a bhfuil lorg an dá ghlúin, rachfá isteach ansin agus déarfá cúig paidir agus cúig Áivé Máiria istigh ansin agus an rud céanna an áit a raibh lorg an uilinn agus bhí áit eile thuas faoi na crainn ansin a dtabharfadh siad an Altóir air. Agus déarfá an rud céanna thuas ag an altóir. Agus ba sin do thuras déanta.

DÓNALL: *So* sin altóir a bhí ag Conall?

SÁBHA: Anois níl a fhios, níor thuig mise ariamh, mhothaigh mé gur sin ainm a bhí air. Altóir. Agus an bhfuil a fhios agat, nuair a bheifeá ann, bhí suaimhneas ann, iontach.

DÓNALL: Sea.

SÁBHA: Iontach, an-suaimhneas ann.

DÓNALL: Ach do dhóchas a chur ann mairim.

SÁBHA: Ó, *aye*. Ghlacfadh, ghlacfadh tú, caithfidh tú dóchas a chur ann.

DÓNALL: Ach chonaic tú do go leor daoine leigheasta ann, a Shábha?

SÁBHA: *Mmm?*

DÓNALL: Chonaic tú go leor daoine a leigheasadh ann, chonaic tú sin?

SÁBHA: Chonaic.

DÓNALL: *So* bhí leigheas ann fá choinne achan rud, cineál a Shábha?

SÁBHA: Bhuel, dá, dá mbeadh do dhóchas agat ann.

DÓNALL: *Mmm.*

SÁBHA: *But*, má bhfearr ar bith mura bhfuil dóchas agat ann, an bhfuil a fhios agat? Seo seisean a bhí tú ag caint leis ansin, nuair a bhí seisean ina pháiste, dúirt an dochtúir le mo mháthair go mbeadh sé, b'fhéidir go mbeadh sé beo go maidin agus bhí *aunt* domh ina cónaí thuas ansin agus d'éirigh sise ar an sé a chlog ar maidin agus rinne sí an turas don pháiste agus sin an t-am a chomharthaí mo mháthair athrú ar an pháiste. Agus nuair a tháinig m'ath..., an dochtúir ar maidin lá tharna mhárach bhí an t-athrú ar an pháiste. Agus sin an fear anois a bhí tusa ag caint leis.

DÓNALL: Agus bhí iontas an tsaoil ar an dochtúir, déarfainn. Tú féin an t-aon duine, tú féin agus Francie a bhfuil a fhios acu an scéal an turais?

SÁBHA: *Eh?*

DÓNALL: An bé tú féin agus Francie an t-aon mhuintir a bhfuil a fhios acu é?

SÁBHA: Ó, tá go leor eile. Tá comharsana thiar ansin, tá a fhios acu an scéal céanna n bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: *Mmm.*

SÁBHA: Fán turas.

DÓNALL: Ach an urnaí atá le rá.

SÁBHA: Ó, *aye*, tá a fhios acu an urnaí, tá a fhios.

DÓNALL: Tá a fhios acu.

SÁBHA: Ná, d'ínis mé sin roimhe duit, Dochtúir Lochlann Mc Gill.

DÓNALL: Sea.

SÁBHA: Scríobh sé sin leabhair mhór fá dtaobh de an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Tháinig sé chugat leis an scéal a fháil.

SÁBHA: Tháinig agus bhí mé breá gasta an t-am sin, chuaigh mé síos leis. Ach d'ímigh sin agus tháinig seo.

DÓNALL: Ach níl sé i bhfad as seo?

SÁBHA: Níl, i bhfad uilig. *But* shílfeá anois go rachadh an gasúr sin leat, bhí tusa in sa teach inné.

DÓNALL: Bheadh.

SÁBHA: Rachadh sé sin síos leat. Rachainnse leat ach.

DÓNALL: Sea. Rachaidh mé síos ach ní, ní an lá inniu, tá eagla orm.

SÁBHA: Agus bhí an, thosaigh an guthán lá amháin dhá bhliain ó shin agus nuair a bhí, dúirt sé liom "*I'm working here*" a dúirt sé "*in St. Eunan's*". Ó (dar liom féin) caithfidh sé gur sagart atá ionatsa *so*. Dúirt sé "*my name is Eamonn Kelly*". *So*, d'fhiafraigh sé achan rud fán tsagart agus d'inis mise do agus dúirt se go mbeadh sé ar ais lá inteacht in deireadh mí na Bealtaine. Agus, fá choinne a ghabháil síos go dtí an turas. Agus an mhaidin sin dúirt sé go mbeadh sé ag an, i dtrátha an haon déag agus dúirt se "tá súil agam go bhfeicfidh mé ansin tú". Agus bhí sé ag doirteadh fearthainne i rith na maidine sin go dtí go i dtrátha an haon déag agus ghlan sé suas agus bhí mise ag coimhead agus bhí *coach* mór agus dhá *minibus* stoptha thíos ar an bhealach mhór agus 99 duine a bhí leis, síos ag an turas an lá sin agus chuaigh mise síos ansin agus bhí se, bhuel bhí sé, aithne aige ar *Conor Bonner* agus dúirt *Conor Bonner* leis gur seo, seo *Sophie* ag teacht anois agus rinne sé croitheadh láimhe liomsa agus bhí muid thíos agus rinne sé deireadh na paidreacha. *But* sin an méid daoine a bhí leis ann agus dúirt siad uilig ar ais, dúirt achan duine acu gur mhaith leofa a theacht ar ais an bhfuil a fhios agat, ar a gcuid féin fá choinne é a dhéanamh.

DÓNALL: Anois bhuel a Shábha, tá sin go maith. Agus tá mé fíorbhuíoch duit agus duitse fosta a Francie ar shon bhur gcuid ama agus beidh mé, beidh mé ar ais agaibh gan mhoill. Go raibh míle maith agat.

SÁBHA: Ó, go ndéanfaidh mhaith duit.

DÓNALL: Go raibh míle maith agat.